# COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

# Bord Bainistíochta

## Cruinniú – Dé Céadaoin 9ú d'Eanáir 2019
## 3:30 i.n. – 5.30 i.n.

# Miontuairiscí Aontaithe – na Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an gCéadaoin an 9ú d'Eanáir ag 3.30 i.n.

**I láthair**, bhí Tomás Ó Coistealbha, Cormac Ó Confhaola, Máire Ní Chathasaigh, Pádraig Ó Céarnaigh, Caroline Seoighe agus Gearóidín Ní Chonghaile (Rúnaí/Príomhoide).

**Leithscéal** ó Seán Ó Tuairisg, Seán Ó Cionnaigh agus Marion Uí Chatháin.

1. **Fáilte**
   Cuireadh fáilte roimh na baill chuig an gcruinniú.

2. **Miontuairiscí**
   Mhol P. Ó Céarnaigh le cuidiú ó M. Ní Chathasaigh go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile, a scaipeadh roimh ré.

3. **Ag éirí as na Miontuairiscí**
   Cuireadh faoi bhráid baill an Bhord an Plean Treorach roimh an chruinniú ionas go mbeadh deis ag gach duine an dréacht phlean a léamh. Cuireadh an Plean faoi bhráid an Coiste Tréad Chúram, Comhairle na nDaltaí, Coiste na dTuismitheoirí, foireann na múinteoirí agus ansin faoi bhráid an Bhord. Moladh obair gach grúpa go raibh ionchur acu sa Phlean ón gCathaoirleach. Bhí gach duine sásta go raibh plean cuimsitheach curtha le chéile ag pobal na scoile ar son maitheas na scoile. Mhol P. Ó Céarnaigh go nglacfaí leis an bPlean agus C. Seoighe tacaíocht don mholadh.

Chuaigh an Príomhoide tríd an gcáipéis (Bíodh cur amach agat ar do Choláiste). Tugadh le fios dóibh go raibh uasdátú déanta ar an gcáipéis i mbliana.

**4. Comhfhreagras**

Rinne an Príomhoide cursíos ar an gcomhfhreagras chuig an mbord.

**5. Tuairisc ón Rúnaí**

**a. Teagasc agus Foghlaim**

Bliain 1: Cúrsa Damhsa le Janice de Bróithe, Drámaíocht sa Fraincis, Seó na Nollag agus Scrúduithe na Nollag

Bliain 2: Cúrsa Damhsa le Janice de Bróithe, Drámaíocht sa Fraincis, Seó na Nollag agus Scrúduithe na Nollag

Bliain 3: Drámaíocht sa Fraincis, Seó na Nollag agus Scrúduithe na Nollag

Bliain 5: Cúrsa Damhsa le Janice de Bróithe, Options West, Lá Gairmeacha i gColáiste na Coiribe, Cluiche Péil na gCailíní Sinsear, Drámaíocht sa Fraincis, Ceardlann Géineolaíochta leis an Dochtúir A. Seoighe, Cur i láthair ar Theagaisc Brollaigh le R. Fitzgerald-Feeley, Buaiteoirí Scléip Chonnacht, Ceardlann Geolaíochta le B. Thebaudeau, Dáileadh Próifíl an Teastas Sóisearach ar Dhaltaí Bliain 5, Seó na Nollag agus Scrúduithe na Nollag.

Bliain 6: Options West, Lá Gairmeacha i gColáiste na Coiribe, Cluiche Péil na gCailíní Sinsear, Drámaíocht sa Fraincis, Ceardlann Géineolaíochta leis an Dochtúir A. Seoighe, Cur i láthair ar Theagaisc Brollaigh le R. Fitzgerald-Feeley, Ceardlann Geolaíochta le B. Thebaudeau, Seó na Nollag agus Scrúduithe na Nollag, Oíche Eolas ar an CAO.

**b. Forbairt Gairmiúil**

Rinne M. Nic an Mháistir cúrsa dhá lá ar RSE

Rinne G. Ní Chonghaile cúrsa ar bhainistiú riosca le R. Loftus.

Rinne S. Casburn ar cúrsa Movies in the Language Class.

Rinne C. Ó Loideáin cúrsa Adhmadóireacht le PDST.

Rinne M. Nic an Mháistir, Á. Bairéad, M. Ní Chathasaigh agus F. Ní Bhruadair cúrsa Mata le PDST.

**c. Ráthú Caighdeáin**

De réir na tuairiscí, tá ardú ar an scoil i dtaobh a áit sna Rangnú Náisiúnta na Scoileanna.

**d. Fás agus Forbairt**

Bhí oíche Oscailte ag an scoil ar an 25ú de Dheireadh Fómhair, bhí lá Mata agus Eolaíochta sa scoil do dhaltaí Rang a Sé sna scoileanna Náisiúnta áitiúla.

Tá 9 dhaltaí cláraithe don chéad bhliain seo chugainn go dtí seo.

**e. Infreastruchtúr agus struchtúr**

Rinne an Príomhoide cursíos ar caiteachas agus athchóiriú sa scoil.

**f. Comhpháirtíoch agus Nascanna**

Bhí an Príomhoide i teanghmháil le CAMHS, NEPS, an Paróiste, na bunscoileanna áitiúla agus an GRETB

**6. Tuairisc Ó Choiste na dTuistí**

Labhair ionadaí ó Choiste na dTuistí faoi a bpáirt sa Phlean Treoir, na cruinnithe tuismitheoirí agus Seó na Nollaig

**7. Tuairisc ar Chaomhnú Leanaí**

Thug an Príomhoide le fios nach raibh aon ábhair le tuairisciú faoi aon chinn teidil.

**8. Bainistiú Riosca agus Sláinte agus Sábhailteacht**

Thug an Príomhoide le fios go mbeadh orainn imscrúdú a dhéanamh ar bhainistiú riosca agus sláinte agus sábháilteacht. Tugadh le fios ar an Bord go raibh fearas dífibreolra ceannaithe ag an scoil le déanaí. Chuaigh an Príomhoide tríd traenáil leis an mBord ar freagracht airgeadais an Bord Bainistíochta. Bhí plé ar a ndualgais tríd an bpróiseas traenála.

**9. Uaireanta Haddington**

Cuireadh leagán amach aontú Bóthar Haddington faoi bhráid an Bord agus glacadh leis.

**10. Aon Rud Eile**

Mhol T. Ó Coistealbha obair foireann Choláiste Naomh Feichín.

Chuir T. Ó Coistealbha críoch leis an gcruinniú agus ghuí chuile beannacht ar phobail na scoile agus ar an bhfoireann as ucht a ndúthracht agus a ndíograis.

Ar son na scoile agus foireann na scoile, ghabh G. Ní Chonghaile buíochas as a gcuidiú agus tacaíocht.

Ós rud é nach raibh aon ghnó eile, tháinig deireadh leis an gcruinniú.

Sínithe: Tomás Ó Coisdealbha  Dáta: 10/4/2019

**Cathaoirleach**